NOAC
An Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2023



# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| **Ráiteas an Chathaoirligh** | **6** |
| **Achoimre Fheidhmeach** | **9** |
| **Comhaltas CNFI** | **12** |
| **Beathaisnéis na gComhaltaí** | **13** |
| **Grúpaí Oibre CNFI** | **16** |
| **Próiseas Grinnscrúdaithe CNFI** | **27** |
| **Buaicphointí Thuarascálacha & Imeachtaí CNFI in 2023** | **30** |
| **Rannpháirtíocht CNFI** | **44** |
| **Acmhainní agus Caiteachas** | **46** |

**Aguisíní**

| | |
|---|---|
| *Téarmaí Tagartha CNFI* | 47 |



Conas a Oibríonn Muid
Bord CNFI
Grúpa Oibre um Rialachas, Éifeachtúlacht agus Athchóiriú an Rialtais Áitiúil
Táscaire feidhmíochta na meithle
An Grúpa Oibre um Chumarsáid agus Seirbhíse do Chustaiméirí
An Grúpa Oibre um Bhainistíocht Airgeadais agus Feidhmíocht
Próiseas Tuarascálacha
Grinnscrúdaithe
Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara
Acmhainní agus Caiteachas
Rúnaíocht

# Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| **ARÁÉ** | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann |
| **BTC** | An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe |
| **CBCC** | Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach |
| **CCÚÁ** | Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil |
| **CCP** | Cód Caiteachais Phoiblí |
| **CL** | Coibhéis Lánaimseartha |
| **CNFI** | An Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú & Iniúchóireacht |
| **CPÉ** | Comhlachtaí Poiblí na hÉireann |
| **DC** | Dearbhú Cáilíochta |
| **DTL** | Dearbháin a Thrádáil ar Líne |
| **FR** | An Foras Riaracháin |
| **GBRÁ** | Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil |
| **GCC** | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| **IÉCP** | Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí |
| **LCAF** | An Lárionad um Chomhroinnt agus Anailís Faisnéise |
| **OFÁ** | Oifigí Fiontraíochta Áitiúla |
| **ORP** | Oifig an Rialálaí Pleanála |
| **ORGA** | Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| **RCPSAPFN** | An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta |
| **RCAC** | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| **RI** | An Roinn Iompair |
| **RTRÁO** | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| **SIRÁ** | Seirbhís Iniúchta Rialtais Áitiúil |
| **SRSE** | Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch |
| **ÚÁ** | Údarás Áitiúil |
| **UFIÉ** | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |



# Ráiteas an Chathaoirligh

**Thar ceann an Bhoird, is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin Náisiúnta um Fhormhaoirsiú & Iniúchóireacht don bhliain féilire dar críoch an 31 Nollaig 2023 a thíolacadh.**

Tá mé fíorshásta gur féidir liom Tuarascáil Bhliantúil CNFI 2023 a thíolacadh, an deichiú tuarascáil dá leithéid ó bunaíodh an Coimisiún in 2014.

Bhí bliain an-ghnóthach eile ag CNFI agus rinne comhlacht maoirseachta idirnáisiúnta na hÉireann obair an-luachmhar agus den chéad scoth d'earnáil an rialtais áitiúil.

Tá obair curtha i gcrích i réimsí éagsúla lena mbaineann ardluach don earnáil, cosúil le Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse, feidhmíocht údarás áitiúil a rianú tríd an Tuarascáil Táscaire Feidhmíochta agus tríd an bPróiseas Grinnscrúdaithe, athbhreithniú ar obair a bhaineann le Pleananna Corparáideacha, suirbhé a dhéanamh ar iniúchóireacht inmheánach agus labhairt le páirtithe leasmhara trí cheardlanna, imeachtaí agus tuarascálacha CNFI.

Lena chois sin, tá sé beartaithe ag CNFI leanúint ar aghaidh ag obair trí dhíriú ar fhís agus ar uaillmhian agus tá sé seo soiléir ina Straitéis agus Clár Oibre 2023-2025 nua, ar glacadh leis i mí Bealtaine 2023 agus atá foilsithe ar shuíomh gréasáin CNFI. Príomhghné den obair seo é cur leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus a chinntiú go nglactar le CNFI mar chomhlacht neamhspleách láidir fad is leantar ar aghaidh ag cur le feasacht agus le comhoibriú le hoifigigh, le comhaltaí tofa agus leis an bpobal, agus maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar earnáil an rialtais áitiúil in Éirinn.

Tá dúshlán fós le sárú ag earnáil an rialtais áitiúil, cosúil le héilimh ar thithíocht, atá ag dul i méid i gcónaí, mar aon le costais atá ag méadú. Go háirithe, bhí dúshláin shuntasacha earcaíochta le sarú ag an rialtas áitiúil, agus éilimh mhéadaithe ar an earnáil, dúshlán ar léir do CNFI atá ag cur isteach ar go leor, nó ar gach údarás áitiúil b'fhéidir.

Ainneoin nach é seo an t-aon réiteach ar a leithéid de dhúshláin, is féidir níos mó úsáide a bhaint as teicneolaíocht agus seirbhísí ar líne nuair a bhíonn údaráis áitiúla ag déileáil lena leithéid de dhúshláin. Tá a leithéid luachmhar freisin chun éifeachtúlachtaí a mhéadú, agus spreagann CNFI úsáid a bhaint as modhanna nuálacha chun táirgiúlacht a fheabhsú agus seirbhísí a chur ar fáil don phobal.

Tá tairbhe bainte ag CNFI as teicneolaíocht sa tslí a ndéanaimid ar ngnó, go háirithe i ndáil le Próiseas Grinnscrúdaithe CNFI.

Mar shampla, in 2023, reáchtáil CNFI seacht gcruinniú Chéim 1 le húdaráis áitiúla sna Comhairlí Contae seo a leanas - Maigh Eo, Cill Dara, Cill Mhantáin, Cill Chainnigh, an Longfort, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Corcaigh. Maidir leis na cruinnithe seo, reáchtáladh ceithre chruinniú ar líne agus tugadh deis do dhaoine a bheith i láthair san ionad cruinnithe do thrí chruinniú.

Lena chois sin, reáchtáladh sé chruinniú Chéim 2 leis na Comhairlí Contae agus Cathrach seo a leanas - an Cabhán, Gaillimh, an Longfort, Dún Laoghaire/Ráth an Dúin, Maigh Eo agus Baile Átha Cliath. As measc na gcruinnithe seo, reáchtáladh cruinniú amháin ar líne agus tugadh deis do dhaoine a bheith i láthair san ionad cruinnithe do chúig chruinniú.

Tá cruinnithe grinnscrúdaithe riachtanach i gcomhthéacs fheidhmíocht fheidhmeanna CNFInna agus deis iontach iad d'údaráis áitiúla chun athbhreithniú a dhéanamh ar réimsí, a bhfuil ag éirí go maith leo, agus réimsí atá níos dúshlánaí, agus comparáid a dhéanamh le piar-údaráis áitiúla eile. Chomh maith leis sin, tá iarracht shuntasach déanta ag CNFI labhairt le han-chuid dár bpáirtithe leasmhara. Deis rannpháirtíochta shuntasach amháin ba ea ceardlann le Cathaoirligh an 31 Coiste Iniúchóireachta údaráis áitiúil, agus le hoifigigh ó rannóga iniúchóireachta inmheánaí údaráis áitiúil agus ón tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil a óstáil i mí Dheireadh Fómhair 2023. Ba é seo an dara huair a raibh a leithéid d'imeacht á óstáil ag CNFI, imeacht a bhí dírithe ar roinnt réimsí, lena n-áirítear saincheisteanna iniúchóireachta inmheánaí agus cuireadh torthaí sealadacha CNFI ar a Shuirbhé Iniúchóireachta Inmheánaí údaráis áitiúil i láthair. Chomh maith leis sin, roinneadh an t-eolas is déanaí faoi ghnéithe éagsúla d'obair CNFI cosúil lena Thuarascáil Táscaire Feidhmíochta, Tuarascáil ar an gCód Caiteachais Phoiblí, Seimineár CNFI ar Dhea-Ghnás i Rialtas Áitiúil agus obair CNFI i ndáil le hAthbhreithniú ar Chur Chun Feidhme Pleananna Corparáideacha agus Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse.

Labhair CNFI le páirtithe leasmhara éagsúla trína Sheimineár Bliantúil ar Dhea-Ghnás i Rialtas Áitiúil a reáchtáladh ar an 26 Deireadh Fómhair 2023 i gCaisleán Chill Chainnigh. Ba é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O'Brien T.D. a d'oscail an t-imeacht a reáchtáladh mar chuid de Sheachtain Bhunathraithe na Seirbhíse Poiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Is príomhimeacht é an Seimineár seo do CNFI agus don earnáil rialtais áitiúil araon agus deis bualadh lena chéile, cur i láthair a dhéanamh agus réimsí agus tionscadail dea-ghnáis a phlé, a d'fhéadfadh saol daoine ina bpobail agus ar fud na tíre a fheabhsú. I mbliana forbraíodh roinnt nuálaíochtaí údaráis áitiúil i réimsí casta agus spéisiúla cosúil le húsáid a bhaint as teicneolaíochtaí glasa, teagmháil a dhéanamh le pobail, geilleagair áitiúla agus oideachas a fhorbairt, agus léargas a thabhairt ar dhea-ghnás i ndáil le straitéisí a fhorbairt.

Lena chois sin, chuir CNFI roinnt tuarascálacha éagsúla i dtoll a chéile i rith na bliana. Is díol suntais iad na tuarascálacha grinnscrúdaithe, ina bhfuil neart eolais le fáil faoi na húdaráis áitiúla aonair agus ina léirítear conas a úsáidtear na tuarascálacha CNFI eile, lena n-áirítear conas a úsáidtear sonraí na Tuarascála Táscaire Feidhmíochta. Tá liosta de na tuarascálacha eile ar fad a cuireadh i dtoll a chéile le fáil thíos.

D'oibrigh CNFI le go leor páirtithe leasmhara lena n-áirítear ORP, ARÁÉ, GBRÁ, ionadaithe éagsúla na gCoistí Iniúchóireachta in earnáil an rialtais áitiúil, Tionóil Réigiúnacha, oifigigh shinsearacha sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus sa Roinn Iompair, agus tháinig sé os comhair an Chomhchoiste Oireachtais Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Chuir duine dár gcomhaltaí boird, Niall Quinn, críoch lena théarma oifige i rith na bliana agus is mian liom an deis a thapú chun buíochas a ghabháil leis as a chuid ama a chur ar fáil, as a dhíograis agus as an méid a rinne sé thar ceann CNFI agus guím gach rath air.

Chomh maith leis sin, is mian liom fáilte a chur roimh na comhaltaí boird nua, Kathleen Holohan agus Miriam McDonald, a ceapadh i rith 2023. Tá neart saineolais agus taithí ag an mbeirt acu, agus is cúis áthais dom go mbeidh a saineolas ar fáil do bhord CNFI.

Mar is iondúil, is mian liom buíochas a ghabháil le Rúnaíocht CNFI as a tiomantas, obair chrua agus as tacú go leanúnach leis na comhaltaí boird. Is fianaise é iarracht na Rúnaíochta ar na tuarascálacha ar ardchaighdeán a chuirimid i dtoll a chéile agus ar an ról atá aici i dtacú leis an tionchar luachmhar atá ag CNFI go leanúnach.

Chomh maith leis sin, is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na Príomhfheidhmeannaigh agus leis na comhordaitheoirí sonraí ó gach údarás áitiúil.

Lena chois sin, is mian liom buíochas a ghabháil le Darragh O'Brien T.D., an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta as a chuid tacaíochta, ama, iarrachta agus as freastal ar imeachtaí éagsúla CNFI.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCumann Bainistíochta Contae agus Cathrach, leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus leis na comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus ranna eile a bhí i dteagmháil le CNFI chun tacú lena chlár oibre le linn 2023. Tá mé ag súil go mór le cur leis an méid atá bainte amach againn go dtí seo agus as díriú ar chlár oibre an-uaillmhianach do 2024.

**Michael McCarthy**
Cathaoirleach

5 Aibreán 2023

# Achoimre Fheidhmeach

**D'fhaomh comhaltaí CNFI an tuarascáil seo ar an 26 Márta 2024.**

Is é cuspóir CNFI feidhmiú mar an comhlacht reachtúil neamhspleách a sholáthraíonn maoirseacht ar an earnáil rialtais áitiúil in Éirinn.

Clúdaíonn a fheidhmeanna gníomhaíochtaí uile údaráis áitiúil, lena n-áirítear grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht go ginearálta, agus feidhmíocht airgeadais go sonrach. Chomh maith leis sin, tá ról ag CNFI i dtacú le dea-ghnás, maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme beartas rialtais áitiúil náisiúnta agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme pleananna corparáideacha, cloí le comhaontuithe leibhéal seirbhíse agus athchóiriú seirbhíse poiblí a bheith á chur chun feidhme ag comhlachtaí rialtais áitiúil.

Cuirtear obair CNFI i láthair pháirtithe leasmhara san earnáil rialtais áitiúil mar aon le Comhchoiste ábhartha Thithe an Oireachtais.

Is í seo an deichiú Tuarascáil Bhliantúil atá curtha i dtoll a chéile ag CNFI agus dírítear inti ar an mbliain 2023. I rith 2023, d'fhoilsigh CNFI tuarascálacha agus d'óstáil sé imeachtaí agus cruinnithe a bhí dírithe ar thopaicí éagsúla lena n-áirítear:

- Treoirlínte agus Ceardlann maidir le Tuarascáil Táscaire Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil 2022
- Tuarascáil ar an gCód Caiteachais Phoiblí 2022
- Tuarascáil ar an Táscaire Feidhmíochta 2022
- Seimineár ar Dhea-Ghnás i Rialtas Áitiúil 2023
- Ceardlann do Chathaoirligh an 31 Coiste Iniúchóireachta údaráis áitiúil,
- Cúig Thuarascáil Ghrinnscrúdaithe, seacht gcruinniú Grinnscrúdaithe Chéim 1 agus sé Chruinniú Grinnscrúdaithe Chéim 2
- Straitéis agus Clár Oibre CNFI 2023-2025
- Cruinnithe le hOifig an Rialálaí Pleanála, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus an Roinn Iompair.
- Freastal ar Chomhdháil Eorpach faoin Oiriúnú don Athrú Aeráide agus Comhdháil Tithíochta Sóisialta CÉTS 2023.

Is é an Cathaoirleach atá freagrach as an bPróiseas Grinnscrúdaithe agus is iad na ceithre ghrúpa oibre a dhéanann formhór eile d'obair CNFI. Is iad seo ná:

| | |
|---|---|
| **WG1:** | **Rialachas, Éifeachtúlacht agus Athchóiriú** |
| **WG2:** | **Táscairí Feidhmíochta** |
| **WG3:** | **Cumarsáid agus Suirbhé Custaiméirí** |
| **WG4:** | **Bainistíocht Airgeadais agus Feidhmíocht** |

Díol suntais in 2023, ba ea gur fhreastail Cathaoirleach CNFI, Michael McCarthy, i dteannta le Margaret Lane, Cathaoirleach na meithle Bainistíochta Oibre agus Feidhmíochta, Fiona Quinn, Oifigeach an Aire agus Rúnaí Cúnta sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus Claire Gavin, Ceannasaí Rúnaíocht CNFI, ar an gComhchoiste Oireachtais Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.



*Ó chlé go deas: Claire Gavin (Ceannasaí Rúnaíocht CNFI), Noel Harrington (comhalta CNFI), Emer O'Gorman (Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Chill Mhantáin), Declan Breathnach (comhalta CNFI), Frank Curran (Cathaoirleach CBCC ansin agus Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin), Michael McCarthy (Cathaoirleach CNFI), Lar Power (Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Chill Chainnigh), Miriam McDonald (comhalta CNFI), Eddie O'Loughlin (GBRÁ), Ciarán Hayes (comhalta CNFI)*

Ba é an cuireadh a tugadh ná plé a dhéanamh ar Thuarascáil Táscaire Feidhmíochta Údarás Áitiúil CNFI 2021 agus Tuarascáil maidir le Cód Caiteachais Phoiblí 2021. Rinneadh plé mionsonraithe ar an dá thuarascáil, lena n-áirítear an próiseas a bhí i gceist, mar aon le rannpháirtíocht CNFI le comhaltaí tofa, coistí iniúchóireachta rialtais áitiúil, ardchaighdeán thuarascálacha CNFI, pleanáil chorparáideach, dea-ghnás agus roinnt saincheisteanna a bhaineann le tithíocht, lena n-áirítear cothabháil agus stoc tithíochta, easpa dídine agus folúntais. Is féidir sonraí iomlána an chruinnithe a fháil ag www.oireachtas.ie.

Anuas air sin, bhuail Cathaoirleach CNFI le rapóirtéirí ó Chomhairle na hEorpa i mí Aibreáin 2023 chun plé a dhéanamh ar ról CNFI i ndáil le rialtas áitiúil agus féinrialtas réigiúnach in Éirinn agus réimsí a bhaineann le hairgeadas, feidhmíocht, nósanna imeachta agus conclúidí CNFI maidir leis an earnáil rialtais áitiúil. Glacadh leis go raibh an rannpháirtíocht seo dearfach agus gur chabhraigh sí le Comhairle na hEorpa a tuarascáil maidir le Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Cairte Eorpaí um Fhéinrialú Áitiúil in Éirinn, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2023.

I mí Mheán Fómhair 2023, d'fhoilsigh CNFI an Cód Caiteachais Phoiblí don earnáil rialtais áitiúil. San áireamh anseo bhí tiomsú agus ullmhú Thuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta an Rialtais Áitiúil faoin gCód Caiteachais Phoiblí. Ba é RCPSPFNA a d'fhorbair an Cód Caiteachais Phoiblí agus san áireamh ann tá tacar rialacha agus nósanna imeachta a chinntíonn go bhfuiltear ag cloí le caighdeáin ar fud sheirbhís phoiblí na hÉireann. Lena chois sin, labhair CNFI le roinnt páirtithe leasmhara faoi thorthaí na Tuarascála agus é mar aidhm aige feasacht a mhúscailt tuilleadh.

D'óstáil CNFI a shéú Seimineár ar Dhea-Ghnás i Rialtas Áitiúil i gcomhpháirt le GBRÁ agus CBCC, ar an 26 Deireadh Fómhair 2023 i gCaisleán Chill Chainnigh. Reáchtáladh an t-imeacht, ar líne agus i láthair fhisiciúil, mar chuid de Sheachtain Bunathraithe na Seirbhíse Poiblí RCPSPFNA agus ba é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O'Brien, T.D., a d'oscail an t-imeacht.

I mí Mheán Fómhair 2023, d'fhoilsigh CNFI a Thuarascáil Táscaire Feidhmíochta Údaráis Áitiúil 2022, an naoú tuarascáil Táscaire Feidhmíochta atá foilsithe ag CNFI go dtí seo. Fad is a bhí an tuarascáil seo á tiomsú, reáchtáladh cruinnithe bailíochtaithe le sé húdarás áitiúla chun críche dhearbhú cáilíochta na sonraí agus chun cruinneas agus iontaofacht sampla de na táscairí a chinntiú.

Foilsíodh Straitéis CNFI 2023-2025 agus Clár Oibre CNFI 2023-2025 i mí Dheireadh Fómhair 2023. Leagtar amach sna doiciméid seo fís agus gníomhartha uaillmhianacha bhord CNFI le haghaidh na mblianta amach romhainn.

Leagfar béim go háirithe ar fheasacht agus infheictheacht CNFI i measc oifigeach, comhaltaí tofa agus an phobail a fheabhsú, cur leis an obair atá déanta go dtí seo agus a chinntiú go nglactar le CNFI mar chomhlacht láidir, neamhspleách a sholáthraíonn maoirseacht éifeachtach ar an earnáil rialtais áitiúil in Éirinn, agus a chomhoibríonn agus a idirghníomhaíonn le hoifigigh, comhaltaí tofa agus leis an bpobal i gcoitinne.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'óstáil CNFI an dara ceardlann le Cathaoirligh na gcoistí iniúchóireachta as ar fud na húdaráis áitiúla, ionadaithe ó rannóga iniúchóireachta inmheánaí údaráis áitiúil agus an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil. San áireamh san imeacht seo bhí cur i láthair faoin obair atá á déanamh ag CNFI, nuashonruithe maidir lena thuarascálacha agus Seimineár ar Dhea-Ghnás i Rialtas Áitiúil, mar aon le torthaí sealadacha ó Shuirbhé Iniúchóireachta Inmheánaí údaráis áitiúil CNFI.

Lena chois sin, thug Comhairle Contae an Longfoirt forléargas ar eispéireas iniúchóireachta inmheánaí agus líonraí iniúchóireachta inmheánaí. Ar leithligh, d'fhreastail CNFI air agus rinne sé cuir i láthair ag roinnt Coistí Iniúchóireachta a raibh Comhairle Contae Chorcaí, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus Comhairle Contae Lú páirteach iontu.

# Comhaltas CNFI

**Tá comhaltas CNFI forordaithe go reachtúil mar íosmhéid de sheisear comhaltaí agus uasmhéid de naonúr comhaltaí.**

Ag deireadh 2023, bhí naonúr comhaltaí páirteach i mBord CNFI. Ceapadh comhalta boird nua, Kathleen Holohan, ar an 26 Aibreán 2023 i ndiaidh chomórtas PAC a reáchtáil. Lena chois sin, ceapadh Miriam McDonald mar chomhalta de bhord CNFI ar an 4 Mheán Fómhair 2023, in áit an chomhalta boird, Niall Quinn, ar tháinig deireadh lena théarma ar an 3 Mheán Fómhair 2023.

Amhail ag an 31 Nollaig 2023, bhí ceathrar comhaltaí baineanna (44.44%) agus cúigear comhaltaí fireanna (55.55%) páirteach sa bhord, agus bhí dhá fholúntas shealadacha boird ann de réir Ionstraim Reachtúil ritheadh le déanaí, mar a cheadaítear faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014.

Dá réir sin, comhlíonann an Bord an sprioc Rialtais a bhaineann le hionadaíocht 40% a bheith ag gach inscne i gcomhaltas Bord Stáit.

Chomh fada is a bhaineann le breithniú a dhéanamh ar chothromaíocht inscne agus éagsúlacht CNFI, is dlúthchuid den phróiseas a bhaineann le comhaltaí boird a cheapadh é ionadaíocht inscne.

**Is iad seo a leanas na comhaltaí agus sonraí a dtéarmaí:**

## Comhaltaí agus sonraí a dtéarmaí

| Ról | Comhalta | Ceaptha | Deireadh an Téarma Reatha | Tinreamh ar chruinnithe boird | Táillí na gComhaltaí Boird |
|---|---|---|---|---|---|
| Cathaoirleach | Michael McCarthy | 24/09/2018 | 23/09/2028* | 7/9 | €11,970 |
| Comhaltaí | Fiona Quinn | 17/05/2022 | 16/05/2027 | 8/9 | N/B** |
| | Brian Cawley | 04/09/2020 | 03/09/2026* | 8/9 | €7,695 |
| | Niall Quinn | 04/09/2020 | 03/09/2023 | 5/6 | €5,218 |
| | Margaret Lane | 04/09/2020 | 03/09/2026* | 4/9 | €7,695 |
| | Declan Breathnach | 28/04/2021 | 27/04/2024 | 8/9 | €7,695 |
| | Noel Harrington | 28/04/2021 | 27/04/2024 | 8/9 | €7,695 |
| | Ciarán Hayes | 01/07/2021 | 30/06/2024 | 5/9 | €7,695 |
| | Kathleen Holohan | 27/04/2023 | 26/04/2026 | 5/6 | €5,218 |
| | Miriam Mc Donald | 04/09/2023 | 03/09/2026 | 2/3 | €2,493 |

**léiríonn gur ceapadh an comhalta seo don dara téarma.*
***Ní fhaigheann Oifigeach an Aire aon táille*

## Ráiteas Comhlíontachta

**Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon CNFI go mór an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit don bhliain 2023.**

# Beathaisnéis na gComhaltaí

## amhail an 31 Nollaig 2023



### Michael McCarthy, Cathaoirleach

**Dátaí Téarma: 24 Meán Fómhair 2023 – 23 Meán Fómhair 2028 (An Dara Téarma).**

Ceapadh Michael mar Chathaoirleach an Choimisiúin Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht i mí Mheán Fómhair 2018 agus athcheapadh é sa ról seo i Meán Fómhair 2023. Tá Michael ag feidhmiú mar Stiúrthóir ar Cloud Infrastructure Ireland agus mar Chathaoirleach ar Chumann Tithíochta Sophia. Ba chomhalta tofa de Chomhairle Contae Chorcaí é Michael idir 1999 agus 2003, de Sheanad Éireann idir 2002-2011 agus de Dháil Éireann do dháilcheantar Chorcaí Thiar Theas idir 2011 agus 2016. Chomh maith leis sin, is iarchomhalta de Choiste um Chuntais Phoiblí na Dála é.



### Brian Cawley

**Dátaí Téarma: 4 Meán Fómhair 2023 - 3 Meán Fómhair 2026 (An Dara Téarma).**

Bhí Brian ina Ard-Stiúrthóir ar an bhForas Riaracháin (FR) agus faoi láthair oibríonn sé mar chomhairleoir neamhspleách in athchóiriú na hearnála poiblí agus i gceannaireacht agus i mbainistíocht athruithe, ag obair le raon leathan cliant in Éirinn, sa CE agus go hidirnáisiúnta. Tá taithí fhairsing aige ag obair le rialtas láir agus áitiúil in Éirinn. Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Leicester é Brian agus tá MSc aige in Oiliúint agus Forbairt agus Dochtúireacht sna hEolaíochtaí Sóisialta.



### Margaret Lane

**Dátaí Téarma: 4 Meán Fómhair 2023 - 3 Meán Fómhair 2026 (An Dara Téarma).**

Is oiliúnóir feidhmiúcháin í Margaret agus tá taithí fhairsing aici ar airgeadas agus AD ar fud na n-earnálacha tráchtála, leathstáit agus poiblí. Tá post aici mar Stiúrthóir Straitéiseach AD, Ervia (Máthairchuideachta do Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann). I measc na bpost a bhí aici roimhe seo bhí Róil Feidhmiúcháin AD, post le Grúpa Bhord Gáis agus le Comhairle Cathrach Chorcaí. I measc a post eile, tá sí ina comhalta de Choiste Iniúchta ar Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) agus tá taithí luachmhar aici mar go bhfuil sí ina cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta in Oifig an Ombudsman faoi láthair.



## Niall Quinn

**Dátaí Téarma: 4 Meán Fómhair 2020 – 3 Meán Fómhair 2023.**

Is abhcóide agus Idirghabhálaí Creidiúnaithe é Niall. Sular thosaigh sé ag cleachtadh ag an mBarra agus a chuid oibre mar idirghabhálaí bhí sé ina speisialtóir cumarsáide straitéiseach ar feadh 20 bliain. Is iar-Uachtarán é ar Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí (IÉCP) agus Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Chumann na gComhairleoirí um Chaidreamh Poiblí, leanann sé ag léachtóireacht i gcumarsáid straitéiseach agus cumarsáid ghéarchéime ag an IÉCP agus ag gabháil do thascanna cumarsáide straitéiseacha. Bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath BSc (Bainistíocht) air agus rinne sé staidéar ar an dlí in Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath, agus glaoch chun an Bharra é in 2015.



## Declan Breathnach

**Dátaí Téarma: 28 Aibreán 2021 - 27 Aibreán 2024.**

Bhí Declan ina chomhalta den Choiste Buiséid agus Maoirseachta Parlaiminte, ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste Forfheidhmithe Chomhaontú Aoine an Chéasta agus ina Leas-Chathaoirleach ar Chomhlachas Parlaiminteach na Breataine-na hÉireann. Bhí sé ina chomhalta de Chomhairle Contae Lú ó 1991 go 2016 agus ag fónamh mar Theachta Dála do Lú ó 2016 go 2020. Is iarmhúinteoir bunscoile agus iar-phríomhoide é Declan, agus tá os cionn 40 bliain de sheirbhís phoiblí aige.



## Noel Harrington

**Dátaí Téarma: Aibreán 2021 - 27 April 2024.**

Tá Noel ina Bhainisteoir Oifige agus ina Mháistir Poist ag An Post, Baile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí faoi láthair. Bhí sé ina chomhalta tofa de Chomhairle Contae Chorcaí ó 1999 go dtí 2011 agus ina chomhalta tofa de Dháil Éireann ag fónamh ó 2011 go 2016. I measc a róil roimhe seo bhí; Comhalta de Choiste an Oireachtais um Fhormhaoirsiú Phoiblí agus Achainíocha, Cathaoirleach Chomhairle Contae Chorcaí, Cathaoirleach Údarás Réigiúnach an Iar-Dheiscirt, Cathaoirleach Grúpa Beartais Chorparáidigh Chontae Chorcaí agus Comhalta de Bhord Fiontraíochta Áitiúil Iarthar agus Thuaisceart Chorcaí.



## Ciarán Hayes

**Dátaí Téarma: 1 Iúil 2021 – 30 Meitheamh 2024.**

Is é Ciarán bunaitheoir agus Príomhfheidhmeannach Ciarán Hayes Consultancy Ltd., agus is Comhalta Boird d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) é freisin. Tá Céim BA sa Bhainistíocht Phoiblí aige, Ard-Dioplóma i Staidéar Ríomhaireachta agus chuir sé Comhaltacht Shinsearach i gcrích in Ollscoil Harvard i mí na Nollag 2022 áit a ndearna sé taighde ar an athrú aeráide. D'oibrigh sé i gcúig Údarás Áitiúla i rith a shaoil, tá breis is 20 bliain de thaithí bhainistíochta shinsearach san earnáil Rialtais Áitiúil aige, agus d'éirigh sé as a phost mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Shligigh in 2021. Mar Phríomhfheidhmeannach agus thar ceann na hearnála, threoraigh sé freagairt an Rialtais Áitiúil don athrú aeráide agus bunú na nOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGA).



## Fiona Quinn

**Dátaí Téarma: 17 Bealtaine 2022 – 16 Bealtaine 2027.**

Is Oifigeach an Aire agus Rúnaí Cúnta sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta í Fiona. Tá Fiona freagrach as an Rannán Rialtais Áitiúil a dhéanann maoirseacht ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm an chláir oibre um éifeachtacht agus nuachóiriú don earnáil rialtais áitiúil.



## Kathleen Holohan

**Dátaí Téarma: 27 Aibreán 2023 – 26 Aibreán 2026.**

Roimhe seo bhí Kathleen ag obair mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Cheatharlach (chuaigh sí ar scor i mí Dheireadh Fómhair 2022) i ndiaidh 45 bliain a chaitheamh ag obair san earnáil rialtais áitiúil agus tá breis is 20 bliain de thaithí aici ag leibhéal bainistíochta sinsearaí lena n-áirítear ocht mbliana ag obair mar Leas-phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá BA sa Bhainistíocht bronnta uirthi mar aon le MSc sa Chleachtas Bainistíochta agus is comhalta í de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt agus Cathaoirleach de VISUAL agus Amharclann George Bernard Shaw.



## Miriam McDonald

**Dátaí Téarma: 4 Meán Fómhair 2023 – 03 Meán Fómhair 2026**

Is Stiúrthóir Margaíochta/Saineolaí Bairr Feabhais Custaiméirí gairmiúil, cumasach agus le neart taithí í Miriam. Is Comhalta í den Institiúid Margaíochta agus roimhe seo bhí sí ag obair mar Cheannasaí Bainistíochta Custaiméirí, BSL, Príomhfheidhmeannach na hInstitiúide Margaíochta agus ceannasaí Cumarsáide an Chomhlachta Chomhairligh Uisce. Tá Céim Máistir bronnta uirthi agus Céimeacht na hInstitiúide Margaíochta agus is Comhalta Boird í de Dyspraxia/DCD Ireland.

# Grúpaí Oibre CNFI

**Úsáideann CNFI Grúpaí Oibre chun formhór na hoibre a dhéanamh trí thionscadail éagsúla a chur chun cinn.**

**Grúpaí Oibre CNFI**

| Teideal | Cód | Comhaltas 2023 |
|---|---|---|
| **An Grúpa Oibre um Phróiseas Grinnscrúdaithe** | **CATHAOIRLEACH** | Michael McCarthy |
| **An Grúpa Oibre um Rialachas, Éifeachtúlacht agus Athchóiriú an Rialtais Áitiúil** | **WG1: RÉARÁ** | Brian Cawley *Cathaoirleach* |
| | | Niall Quinn* |
| | | Declan Breathnach |
| | | Ciarán Hayes |
| **An Grúpa Oibre um Tháscairí Feidhmíochta** | **WG2: TF** | Ciarán Hayes *Cathaoirleach* |
| | | Brian Cawley |
| | | Noel Harrington |
| **An Grúpa Oibre um Chumarsáid agus Seirbhís do Chustaiméirí** | **WG3: CSC** | Niall Quinn *Cathaoirleach** |
| | | Miriam Mc Donald *Cathaoirleach*** |
| | | Margaret Lane |
| | | Declan Breathnach |
| | | Kathleen Holohan** |
| **An Grúpa Oibre um Bhainistíocht Airgeadais agus Feidhmíocht** | **WG4: BAF** | Margaret Lane *Cathaoirleach* |
| | | Fiona Quinn |
| | | Kathleen Holohan** |

*léiríonn go ndeachaigh téarma an chomhalta in éag i rith 2023.
**léiríonn gur cuireadh tús le téarma an chomhalta i rith 2023.

# WG1:

# An Grúpa Oibre um Rialachas, Éifeachtúlacht agus Athchóiriú an Rialtais Áitiúil

## Ról

Is é ról na Ghrúpa Oibre um Rialachas, Éifeachtúlacht agus Athchóiriú ná cabhrú le feidhmeanna CNFI faoi alt 126C (1) (d), (e), (f) agus (g) d'Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil, 2014. Áirítear leo na tascanna seo a leanas:

- Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an méid a bhfuiltear ag cloí le haon chomhaontú atá cosúil le comhaontú leibhéal seirbhíse a bhfuil comhlacht rialtais áitiúil amháin nó níos mó páirteach ann.
- Maoirseacht a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann comhlachtaí rialtais áitiúil beartas náisiúnta i bhfeidhm i ndáil leis an rialtas áitiúil.
- Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm athchóiriú na seirbhíse poiblí ag comhlachtaí rialtais áitiúil.
- Monatóireacht a dhéanamh ar leordhóthanacht an phlean chorparáidigh arna ullmhú ag Tionól Réigiúnach agus ag Comhairle.

### Cruinnithe

Tháinig WG1 le chéile cúig huaire le linn 2023.

| Uimh. | Dáta |
|---|---|
| 1 | 25 Eanáir 2023 |
| 2 | 5 Aibreán 2023 |
| 3 | 7 Meitheamh 2023 |
| 4 | 20 Meán Fómhair 2023 |
| 5 | 22 Samhain 2023 |

## Príomhghníomhaíochtaí in 2023

### Athbhreithniú a dhéanamh ar Chur Chun Feidhme Phleananna Corparáideacha Rialtais Áitiúil agus Tionóil Réigiúnaigh 2019-2024

Príomhghníomhaíocht atá le déanamh ag an meitheal é monatóireacht a dhéanamh ar leordhóthanach pleananna corparáideacha ullmhaithe ag tionóil réigiúnacha agus údaráis áitiúla. Sa chomhthéacs sin, rinne CNFI athbhreithnithe ar chur chun feidhme Phleananna Corparáideacha 2015-2019 agus ar fhorbairt pleananna don tréimhse idir 2019-2024 agus d'fhoilsigh sé na tuarascálacha seo in 2015 agus 2021, faoi seach.

In 2023, chuir an Grúpa Oibre tús le hathbhreithniú ar chur chun feidhme Phleananna Corparáideacha 2019-2024 agus foilseofar an tuarascáil seo in 2024.

### Monatóireacht a dhéanamh ar Thuarascálacha faoi Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha Tionól Réigiúnach

Faoi Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, áirítear i gceann d'fheidhmeanna reachtúla CNFI monatóireacht ar chur chun feidhme na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha. Fuair CNFI tuarascálacha monatóireachta a bhain le cur chun feidhme SRSE ón trí thionól réigiúnacha.

I rith na bliana, bhuail an Grúpa Oibre le hionadaithe ó RTRÁO agus ORP chun na tuarascálacha a phlé. Lorg CNFI cabhair ó ORP, ag a bhfuil saineolas sonrach sa réimse seo, chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha monatóireachta dhá bhliana SRSE ullmhaithe ag Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre, Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair agus Tionól Réigiúnach an Deiscirt. Cuireadh an Tuarascáil seo ar fáil i Ráithe 4 2023 agus rinne CNFI athbhreithniú uirthi mar aon le gníomh leantach, lena n-áirítear foilsiú beartaithe na tuarascála in 2024.

### Comhaontú Seirbhíse

Tá ról ag CNFI i monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an méid a bhfuiltear ag cloí le haon chomhaontú atá cosúil le comhaontú leibhéal seirbhíse a bhfuil comhlacht rialtais áitiúil amháin nó níos mó páirteach ann. Tacaíonn an Grúpa Oibre le CNFI chun an ról seo a chomhlíonadh.

I bhfianaise an mhéid sin, rinne an Grúpa Oibre réamh-athbhreithniú ar CLSanna lena n-áirítear suirbhé, a cuireadh ar fáil do gach údarás áitiúil. Rinneadh cur i láthair maidir le cuid de na réamhthorthaí ag cruinniú de Chathaoirligh na gCoistí Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil i rith 2023.

Déanfar tuilleadh breithniúcháin ar thacú le forbairt an dea-ghnáis sa réimse seo.

**Tá sé beartaithe ag CNFI leanúint ar aghaidh ag obair bunaithe ar a fhís agus uaillmhian agus tá sé seo soiléir trína Straitéis agus Clár Oibre nua.**

# WG2:

# An Grúpa Oibre um Tháscairí Feidhmíochta

## Ról

Is é ról an Ghrúpa Oibre seo ná maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt tuarascáil bhliantúil faoi tháscairí feidhmíochta údaráis áitiúil. San áireamh anseo tá athbhreithniú a dhéanamh ar tháscairí agus ar threoir oiriúnach d'údaráis áitiúla, cinneadh a dhéanamh faoin bpróiseas fíoraithe ba cheart a úsáid i ndáil leis na sonraí a cuireadh isteach agus tráchtaireacht CNFI faoi na sonraí tiomsaithe a dhréachtú, mar aon le haon fheidhm leantach a d'fhéadfadh a bheith riachtanach.

Bunaíodh an Grúpa Oibre i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus baineann sí le feidhm CNFI faoi alt 126C (1) (a) den Acht Rialtais Áitiúil chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

**(a)** grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht aon chomhlachta rialtais áitiúil i gcoinne nó i gcomparáid le haon ábhar táscach (dá ngairtear 'táscairí ábhartha' sa Chuid seo):

(i) A mheasann an Coimisiún gurbh iomchuí tagairt a dhéanamh dó (lena n-áireofar ábhair táscacha a bhaineann le seirbhís do chustaiméirí), nó

(ii) Féadfaidh an tAire a ordú le rialacháin chun críche na míre seo.

Clúdaíonn obair na meithle go pointe áirithe réimsí feidhmíochta airgeadais na n-údarás áitiúil (Alt 126C (1)(b)).

### Cruinnithe

Tháinig WG2 le chéile sé huaire le linn 2023.

| Uimh. | Dáta |
|---|---|
| 1 | 24 Eanáir 2023 |
| 2 | 15 Feabhra 2023 |
| 3 | 27 Aibreán 2023 |
| 4 | 3 Lúnasa 2023 |
| 5 | 30 Lúnasa 2023 |
| 6 | 28 Samhain 2023 |

## Príomhghníomhaíochtaí in 2023

### Táscairí Feidhmíochta

Ceann de phríomhfheidhmeanna CNFI é grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht aon údaráis áitiúil i gcoinne, nó i gcomparáid le, táscairí ábhartha a mheasann an Coimisiún a bheith iomchuí.


Cuimsíonn na táscairí feidhmíochta roinnt luachanna intomhaiste lena léirítear cé chomh héifeachtach agus atá údarás áitiúil agus a phríomhchuspóirí á mbaint amach aige.

In 2023, foilsíodh an naoú Tuarascáil Táscaire Feidhmíochta. Mar chuid d'ullmhú na tuarascála, bhreithnigh agus d'athbhreithnigh an Grúpa Oibre táscairí agus chuaigh sí i mbun idirchaidrimh leis na húdaráis áitiúla agus páirtithe leasmhara eile maidir le feabhsuithe nó athruithe a d'fhéadfaí a ionchorprú ina tuarascáil.

## Tuarascáil ar an Táscaire Feidhmíochta 2022

Thiomsaigh an Grúpa Oibre na treoirlínte don tuarascáil ag tús 2023, bunaithe ar athruithe sa mhodheolaíocht do tháscairí reatha agus forbairt táscairí nua. Ar an 8 Márta 2023, reáchtáil CNFI Ceardlann do Chomhordaitheoirí Sonraí ó gach údarás áitiúil maidir le treoirlínte thuarascáil 2022.

Maidir le tuarascáil 2022, scrúdaigh CNFI 44 táscaire ar leith a chlúdaigh 11 cheannteideal. Roghnaítear táscairí feidhmíochta agus cuirtear i gcatagóirí iad chun léargas a thabhairt ar phríomhfheidhmeanna rialtais áitiúil, lena n-áirítear:




Admhaíonn CNFI, áfach, nach dtugtar léargas iomlán sna táscairí ar an raon iomlán agus leathan seirbhísí a chuireann na Comhairlí Cathrach agus Contae ar fáil ar fud an Stáit.

I gcomhair Thuarascáil 2022, bheachtaigh CNFI roinnt táscairí ar mhaithe le soiléire a fheabhsú agus an fhaisnéis a bhailiú ar bhealach níos éifeachtúla.

Tá tuilleadh sonraí faoin tuarascáil seo sa roinn Tuarascálacha agus Buaicphointí. Tá an tuarascáil iomlán agus na treoirlínte ar fáil ar www.noac.ie.

# Gníomhaíochtaí Eile na Meithle

## Creat Táscaire Feidhmíochta CNFI

Thug CNFI sé chuairt bhailíochtaithe ar údaráis áitiúla roghnaithe i mí Meithimh agus i mí Iúil 2023. Bhuail comhaltaí CNFI le Príomhfheidhmeannaigh agus le foirne bainistíochta sinsearacha ón sé údarás áitiúla chun athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí a cuireadh ar fáil sa tuarascáil agus chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna feidhmíochta foriomlána agus ar a dtaithí ar phróiseas na dtáscairí agus a thorthaí.

Chomh maith leis sin, tugadh forléargas achomair do chomhaltaí CNFI ar an gcomhthéacs ina bhfuil údaráis áitiúla ag feidhmiú faoi láthair, a ndúshláin agus a dtosaíochtaí.

Seo a leanas na húdaráis áitiúla a roghnaíodh chun athbhreithniú a dhéanamh orthu – Fine Gall, Sligeach, Muineachán, Cill Dara, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe.



Roghnaíodh sé tháscaire feidhmíochta chun athbhreithniú a dhéanamh orthu, bunaithe ar WG2. Ina measc seo bhí táscairí nua nó táscairí nár roghnaíodh roimhe seo agus táscaire tithíochta amháin:

| Athraíonn na táscairí gach bliain agus is iad na cinn a roghnaíodh do 2022 ná: |
|---|
| **Tithíocht H2:** **Folúntais Tithíochta** |
| **Bóithre R1:** **Rátáil Innéacs Bail Dromchla Cosáin (IBDC)** |
| **Comhshaol E7:** **Athrú Aeráide** |
| **Corparáideach C2:** **Saoire Bhreoiteachta** |
| **Airgeadas M2** **Rátaí Bailithe Ioncaim** |
| **Forbairt Eacnamaíoch J5:** **Caiteachas ar Fhorbairt Eacnamaíoch** |

### Rannpháirtíocht le Cathaoirligh Coistí Iniúchóireachta

Ag Ceardlann le Cathaoirligh Coistí Iniúchóireachta údaráis áitiúil óstáilte ag Grúpa Oibre 4 ar an 4 Deireadh Fómhair 2023, rinne Cathaoirleach WG2 cur i láthair maidir le Tuarascáil Táscaire Feidhmíochta Údaráis Áitiúil CNFI 2022. Rinneadh cur síos ar ról CNFI i maoirseacht agus tomhas feidhmíocht údaráis áitiúil, mar aon leis an nasc idir nithe a bhaineann le beartas náisiúnta agus conas a fhorbróidh na táscairí feidhmíochta chun cuntas a dhéanamh d'athruithe le himeacht ama, cosúil le i réimse an Athraithe Aeráide. Sainaithníodh i rith an chuir i láthair táscairí feidhmíochta CNFI agus an tuarascáil, a fhoilsítear go bliantúil, mar acmhainn shuntasach do choistí iniúchóireachta nuair a bhíonn a róil á gcomhlíonadh acu i ndáil le dea-ghnás a sheachadadh ar fud na earnála.

### Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

I gcomhréir lena thosaíochtaí corparáideacha, leathnaíodh ról CNFI trí rannpháirtíocht le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí earnála poiblí eile i rith 2023. Sa chomhthéacs seo, d'oibrigh WG2 le RCAC, RI agus GBRÁ chun cinneadh a dhéanamh maidir le conas a d'fhéadfadh CNFI cabhrú leis na gníomhaireachtaí trí tháscairí feidhmíochta ábhartha a fhorbairt agus a ionchorprú, agus ar an tslí sin, a chinntiú go bhfuil maoirseacht á déanamh ar cheanglais bheartais náisiúnta na gníomhaireachta ag leibhéal áitiúil. San áireamh bhí:

- Cruinnithe le RCAC i mBealtaine agus i nDeireadh Fómhair 2023 chun plé a dhéanamh ar tháscairí feidhmíochta a bhaineann leis an aeráid agus maoirseacht ar ról an Rialtais Áitiúil i seachadadh gníomhartha faoi Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 (CAP23), go háirithe i ndáil le hoibleagáidí astaíochtaí carbóin na hearnála.
- Rannpháirtíocht le RCAC, RI agus GBRÁ i mí na Nollag 2023 maidir le ról an Rialtais Áitiúil i gcomhlíonadh chuspóirí soghluaisteachta inbhuanaithe náisiúnta RI faoi CAP23.

# WG3:

# An Grúpa Oibre um Chumarsáid agus Seirbhís do Chustaiméirí

## Ról

Is é tasc an Ghrúpa Oibre seo feidhmeanna CNFI a chur i gcrích faoi alt 126C (1) (a) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, arb ionann iad agus grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht údaráis áitiúil i gcomparáid le táscairí ábhartha a bhaineann le seirbhís do chustaiméirí agus faoi alt 126C (1) (c) chun tacú le forbairt agus feabhsú an dea-ghnáis.

Tá an Grúpa Oibre airdeallach go háirithe ar an tábhacht a bhaineann le hidirghníomhaíochtaí CNFI le páirtithe leasmhara. Trí shuíomh gréasáin CNFI, tá sruth leanúnach faisnéise roinnte, cosúil le dáileadh méadaithe thuarascálacha CNFI, méadú suntasach ar phreaseisiúintí, comhéadan níos éasca le húsáid, óstáil Sheimineár ar Dhea-Ghnás i Rialtas Áitiúil CNFI, mar aon le rannpháirtíocht leis na meithleacha CNFI eile chun cabhrú lena riachtanais chumarsáide.

## Cruinnithe

Tháinig WG3 le chéile sé huaire le linn 2022.

| Uimh. | Dáta |
|---|---|
| 1 | 10 Eanáir 2023 |
| 2 | 18 Aibreán 2023 |
| 3 | 22 Bealtaine 2023 |
| 4 | 27 Iúil 2023 |
| 5 | 19 Meán Fómhair 2023 |
| 6 | 09 Samhain 2023 |



*Ó chlé go deas: Ciaran Hayes (comhalta CNFI), Noel Harrington (comhalta CNFI), Claire Gavin (Ceannasaí Rúnaíocht CNFI), Declan Breathnach (comhalta CNFI), Michael McCarthy (Cathaoirleach CNFI), Miriam McDonald (comhalta CNFI), Frank Curran (Cathaoirleach CBCC ag an am agus Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin)*

## Príomhghníomhaíochtaí in 2023

### Straitéis Chumarsáide

Thug an Grúpa Oibre faoi Straitéis Chumarsáide a fhorbairt don CNFI. San áireamh anseo bhí cleachtadh mapála páirtithe leasmhara agus eagraíocht chumarsáide speisialta a aimsiú chun suirbhé a dhéanamh ar pháirtithe leasmhara agus chun cabhrú le Straitéis Chumarsáide CNFI a fhorbairt. D'fhaomh CNFI an Straitéis i mí na Nollag 2022.

Bhíothas ag leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme na Straitéise i rith 2023, tráth ar cuireadh níos mó preaseisiúintí ar fáil, a ndearnadh rannpháirtíocht leis na meáin agus le páirtithe leasmhara CNFI agus a ndearnadh tuilleadh forbartha ar imeachtaí CNFI cosúil le Seimineár ar Dhea-Ghnás i Rialtas Áitiúil CNFI agus ceardlann an Choiste Iniúchóireachta.

### Suirbhé Sástachta Custaiméirí GBRÁ

Choimisiúnaigh CNFI suirbhé trí bliana in 2018 ar gach údarás áitiúil chun eolas a bhailiú maidir le sástacht an phobail i gcoitinne lena n-údaráis áitiúla. Nuair a bhí sé seo curtha i gcrích, d'aistrigh CNFI bainistiú na suirbhéanna chuig GBRÁ, ach lean sé ar aghaidh le ról maoirseachta a bheith aige i ndáil le seachadadh.

Gach bliain, buaileann CNFI le hionadaithe ó GBRÁ chun plé a dhéanamh ar thorthaí an tsuirbhé a rinneadh roimhe seo agus chun ionchur a chur ar fáil do Shuirbhé Seirbhísí Custaiméirí Rialtais Áitiúil Náisiúnta GBRÁ an chéad bhliain eile. Go háirithe, tharraing CNFI aird ar théamaí sonracha agus ar ábhar a raibh sé ag iarraidh a scrúdú i suirbhé 2023. Foilseofar torthaí an tsuirbhé seo in 2024 agus leanfaidh CNFI ar aghaidh ag obair le GBRÁ ar shuirbhéanna amach anseo.

### Seimineár ar Dhea-Ghnás i Rialtas Áitiúil

D'óstáil CNFI a shéú Seimineár ar Dhea-Ghnás i Rialtas Áitiúil i gcomhpháirt le GBRÁ agus CBCC, ar an 26 Deireadh Fómhair 2023 i gCaisleán Chill Chainnigh. Reáchtáladh an t-imeacht seo mar chuid de Sheachtain Bhunathraithe na Seirbhíse Poiblí RCPSPFNA.

Is príomhimeacht é an seimineár seo agus tugann sé deis do CNFI, údaráis áitiúla agus páirtithe leasmhara eile bualadh lena chéile, cur i láthair a dhéanamh agus plé a dhéanamh ar réimsí agus tionscadail dea-ghnáis a d'fhéadfadh saol daoine ina bpobail a fheabhsú. Ceadaíonn sé dóibh tionscadail eiseamláireacha a shainaithint, a d'fhéadfaí a chur chun feidhme i réimsí eile den earnáil rialtais áitiúil.

Tá tuilleadh eolais maidir leis an Seimineár, lena n-áirítear tionscadail a cuireadh i láthair, le fáil i rannóg Bhuaicphointí Thuarascálacha & Imeachtaí CNFI 2023 thíos. Tá gearrthóga físe de na cainteoirí agus na tionscadail go léir ar an suíomh gréasáin www.noac.ie.

# WG4:

# An Grúpa Oibre um Bhainistíocht Airgeadais agus Feidhmíocht

### Ról

Baineann obair an ghrúpa le feidhm CNFI faoi alt 126C (1) (b), (e) agus (f) d'Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014:

**(b)** Grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais, lena n-áirítear maidir le luach ar airgead, aon chomhlacht rialtais áitiúil, maidir leis na hacmhainní airgeadais atá ar fáil di;

**(e)** Maoirseacht a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann comhlachtaí rialtais áitiúil beartas náisiúnta i bhfeidhm i ndáil leis an rialtas áitiúil.

**(f)** Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm athchóiriú na seirbhíse poiblí (lena n-áirítear éifeachtúlachtaí feabhsaithe) ag comhlachtaí rialtais áitiúil go ginearálta nó i leith aon chomhlacht rialtais áitiúil nó aicme comhlachtaí dá leithéid.

Ina theannta sin, déanann an grúpa seo maoirseacht ar thiomsú agus ar ullmhú na Tuarascála Dearbhaithe Cáilíochta Rialtais Áitiúil bliantúla, faoin gCód Caiteachais Phoiblí.

### Cruinnithe

Tháinig WG2 le chéile sé huaire le linn 2023

| Uimh. | Dáta |
|---|---|
| 1 | 18 Eanáir 2023 |
| 2 | 22 Márta 2023 |
| 3 | 10 Bealtaine 2023 |
| 4 | 21 Iúil 2023 |
| 5 | 8 Meán Fómhair 2023 |
| 6 | 25 Meán Fómhair 2023 |

## Príomhghníomhaíochtaí in 2023

### Cód Caiteachais Phoiblí

Ba é RCPSPFNA a d'fhorbair an Cód Caiteachais Phoiblí agus baineann sé le gach comhlacht poiblí a bhfuil cistí poiblí á bhfáil aige.

Tá dualgas ar gach comhlacht poiblí in Éirinn caitheamh go cúramach, le cistí poiblí agus a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr ar airgead aon uair a bhíonn airgead poiblí á chaitheamh nó á infheistiú.

**Thiomsaigh CNFI Tuarascálacha Dearbhaithe Cáilíochta ó gach údarás áitiúil agus d'ullmhaigh sé an Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta Rialtais Áitiúil, faoin gCód Caiteachais Phoiblí.**

Mar chuid de phróiseas seo, thiomsaigh CNFI Tuarascálacha Dearbhaithe Cáilíochta as ar fud 31 údarás áitiúil agus d'ullmhaigh sé an Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta Rialtais Áitiúil, faoin gCód Caiteachais Phoiblí.

Foilsíodh an naoú tuarascáil faoin gCód Caiteachais Phoiblí don earnáil rialtais áitiúil, roimh an spriocdháta a bhí beartaithe, ar shuíomh gréasáin CNFI ar an 20 Meán Fómhair 2023.

Lena chois sin, tá an mheitheal ag leanúint ar aghaidh ag cur le luach na hoibre seo agus, in 2023, scrúdaíodh sonraí a bhaineann le hAguisín 5 den tuarascáil agus roinneadh na torthaí leis na príomhpháirtithe leasmhara.

Tá tuilleadh sonraí faoin tuarascáil seo san áireamh sa roinn Tuarascálacha agus Buaicphointí sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Tá an tuarascáil iomlán le fáil ar an suíomh gréasáin freisin ag www.noac.ie.

### Ceistneoir Iniúchóireachta Inmheánaí

Rinne CNFI athbhreithniú ar fheidhm iniúchóireachta inmheánaí údarás áitiúil chun scrúdú a dhéanamh ar na feabhsuithe atá déanta ó foilsíodh tuarascáil CNFI in 2018 agus ar cibé acu an raibh nó nach raibh na moltaí atá le fáil sa tuarascáil sin, glactha agus úsáidte ar mhaithe le feidhm agus ról iniúchóireachta inmheánaí an údaráis áitiúil a fheabhsú.

Chun é seo a dhéanamh, rinne CNFI suirbhé ar an 31 údarás áitiúil ar fad a bhí dírithe ar a bhfeidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí. Dáileadh an suirbhé seo ar Phríomhfheidhmeannaigh na n-údarás áitiúil ar fad ar an 22 Meitheamh 2023 trí uirlis suirbhé ar líne agus ba é an 7 Iúil 2023 an spriocdháta a bhí luaite leis. Fuarthas an fhreagairt deiridh faoin 2 Lúnasa 2023.

Fiafraíodh d'údaráis áitiúla ceistneoir a chomhlánú agus liosta de gach tuarascáil a cuireadh i dtoll a chéile in 2021 agus 2022, agus atá beartaithe a chur i dtoll a chéile in 2023, a chur ar fáil chun léargas a thabhairt ar an raon ábhar ar dhírigh a rannáin iniúchóireachta inmheánaí orthu.

Is léir ón suirbhé a rinne CNFI go bhfuil meas ag gach údarás áitiúil ar agus go dtuigeann siad an tábhacht a bhaineann le ról na hiniúchóireachta inmheánaí. Rinne CNFI anailís ar fhreagairtí an tsuirbhé agus d'úsáid sé na freagairtí seo chun tuarascáil chuimsitheach a thiomsú ina bhfuil moltaí agus torthaí. Tá an tuarascáil seo á dréachtú faoi láthair agus foilseofar í in 2024.

### Rannpháirtíocht le Coistí Iniúchóireachta

Ar an gCéadaoin, an 4 Deireadh Fómhair, reáchtáil an grúpa oibre ceardlann le Cathaoirligh Choistí Iniúchóireachta Údaráis Áitiúil i bPort Laoise, Co. Laoise.

I láthair ag an imeacht seo bhí comhaltaí de bhord CNFI, ionadaithe ón 23 Coiste Iniúchóireachta údaráis áitiúil difriúil, rannáin iniúchóireachta inmheánaí údaráis áitiúil, SIRÁnna agus oifigigh ó RTRÁO.

Tugadh forléargas i rith cur i láthair a rinneadh ar an lá ar CNFI agus ar an bpríomhobair atá á déanamh aige cosúil lena Thuarascáil Táscaire Feidhmíochta 2022, an Cód Caiteachais Phoiblí, athbhreithniú ar chur chun feidhme Pleananna Corparáideacha údaráis áitiúil, Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse agus réamhthorthaí ó Shuirbhé Ceistneoir Iniúchóireachta Inmheánaí CNFI.

Rinneadh cur i láthair freisin ar thaithí Chomhairle Contae an Longfoirt maidir le hiniúchadh inmheánach agus líonraí iniúchadh inmheánach.

Tarraingíodh aird ar roinnt ábhar i rith an tseisiúin cosúil le húsáideacht Thuarascáil Táscaire Feidhmíochta CNFI d'údaráis áitiúla, gur shíl coistí iniúchóireachta áirithe go raibh gá le tuilleadh taithí airgeadais, forbairt doiciméad dea-ghnáis i dtéarmaí CLSanna, an gá atá le tuilleadh forbairt a dhéanamh ar chearta an duine agus ar chomhionannas sa chéad timthriall eile de phleananna corparáideacha údaráis áitiúil agus plé spéisiúil faoi réamhthorthaí Thuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí CNFI.

Lena chois sin agus trí chuireadh a thabhairt, bhuail Grúpa Oibre 4 le Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Cathrach Chorcaí, RTRÁO agus Coiste Iniúchóireachta Chomhairle Contae Lú i rith na bliana. Tá CNFI airdeallach ar an tábhacht a bhaineann lena leithéid de rannpháirtíocht agus rinne sé cur i láthair ag gach rannpháirtíocht.

Tá na rannpháirtíochtaí leanúnacha seo le Coistí Iniúchóireachta riachtanach agus ceadaíonn siad do CNFI feidhmiú mar fhoinse úsáideach agus thábhachtach faisnéise chun cabhrú leo agus tacú leo a gcuid ról a chomhlíonadh.

### Cruinniú le hionadaithe MyPay

Soláthraíonn MyPay seirbhísí párolla agus aoisliúntais d'údaráis áitiúla trí chóras TFC comhroinnte agus ionad seirbhíse comhroinnte aonair ó 2014. Lorg an Mheitheal nuashonruithe rialta ar an tionscadal MyPay i rith na bliana agus bhuail sí le hionadaithe ó MyPay i mí Bealtaine 2023. Mar chuid den rannpháirtíocht, thug MyPay forléargas ar a oibríochtaí agus nuashonrú ar dhul chun cinn ó reáchtáladh an cruinniú deiridh roimhe sin i mí na Samhna 2021.

Maidir le Payroll, tugadh faoi deara go raibh obair á déanamh agus go mbeifear ag leanúint ar aghaidh le hobair in 2024 a bhain le hascnamh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go dtí People XD (Core), obair nach mór a chur i gcrích sular féidir leis an údarás áitiúil aistriú go dtí MyPay.

Ag deireadh 2023, bhí 21 as an 33 láthair údaráis áitiúil ionsuite ar Scéim Aoisliúntais Chomhroinnte MyPay. Táthar ag súil go mbeidh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas beo ag tús 2024.

Pléadh dúshláin a bhain le dul chun cinn i roinnt réimsí i ndáil le feidhmiúlacht agus táthar ag súil go n-aistreofar na láithreacha eile chuig an scéim as seo go ceann dhá bhliain, faoi réir ceadú a fháil ó RTRÁO d'acmhainní foirne breise.

### Rannpháirtíocht le SIRÁ

Bhuail an Grúpa Oibre le hoifigigh ó Aonad Luach ar Airgead (LaA) SIRÁ i Márta 2023. Thug SIRÁ forléargas ar an obair atá á déanamh aici.

